| | |
|---|---|
| **Ábhar** | **Amhránaíocht ar an sean-nós** |
| **Téacs Físe** | **Máire Ní Choilm ag cur síos ar amhránaíocht ar an sean-nós.** |

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.

An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

# Amhránaíocht ar an Sean-Nós

## Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil Máire Ní Choilm, amhránaí sean-nóis, ag cur síos ar an amhránaíocht. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, déan an réamhobair seo:

**Plé**

- Cén íomhá atá agat den amhránaíocht ar an sean-nós?
- An bhfuil amhránaíocht ar an sean-nós cloiste riamh agat? Cad a cheapann tú di?
- An bhfuil próifíl ar leith ag amhránaithe sean-nóis, dar leat?
- Cén rud é damhsa ar an sean-nós? Cad é an difear idir rince seit, rince céilí agus rince ar an sean-nós?
- An bhfuil aon amhráin Ghaeilge ar eolas agat? Ar múineadh duit ar scoil iad? Cén dearcadh atá ann i measc an phobail ar amhránaíocht i nGaeilge, dar leat?

**Tascanna**

Cad atá ar eolas agat faoin bhféile Oireachtas na Gaeilge? Cuardaigh suíomh Oireachtas na Gaeilge (www.antoireachtas.ie) agus scríobh cuntas faoin tuiscint atá agat ar an bhféile dá bharr.

Déan liosta de na focail ar fad atá ar eolas agat a bhaineann le cineálacha éagsúla ceoil agus amhránaíochta.

## Éisteacht

Anois féach ar an mír agus abair cé acu an bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach. Má tá siad bréagach cuir an t-eolas ceart ar fáil:

- Baineann sean-nós leis an seansaol.
- Tá níos mó spéise á léiriú anois san amhránaíocht ar an sean-nós.
- Bhuaigh Máire duais Oireachtais.
- Bhí níos mó suime ag na Meiriceánaigh ná ag muintir Oileán Mhanann in amhránaíocht Mháire.
- Thug na páistí a mhúin Máire leo foghraíocht na n-amhrán.

- '...bhíteá féin ag ceol...':

  Cén aimsir atá i gceist leis an mbriathar thuas? Pléigh agus déan iarracht Gaeilge a chur ar na habairtí seo:

  I used to play football a few years ago.
  I used to come to college on the bus.
  I used to go out every Saturday night.
  I used to be much better at Irish!

- '...bhí siad bródúil asam...'

  Cén ghné den ghramadach atá i gceist le 'asam' thuas? Pléigh agus ansin abair cad é an difear idir na habairtí sa dá cholún thíos.

  | | |
  |---|---|
  | Scríobh sí litir dom | Scríobh sí litir chugam |
  | Abair an abairt sin dom | Abair an abairt sin liom |
  | Déan é sin di | Déan é sin léi |
  | Thuig mé iad | Thuig mé dóibh |
  | Bhuail mé é | Bhuail mé leis |

  Anois roghnaigh an forainm réamhfhoclach cuí as na roghanna thíos:

  Tá tinneas cinn agam / orm
  Tá mé bródúil astu / iontu
  Tá clú agus cáil uirthi / aici
  Cuir glaoch dom / orm
  Scríobh dom / chugam
  Fan dom / liom

- An bhfuil Gaeilge agat ar na focail thíos?

  a referee (i gcluiche peile)
  a referee (má tá tú ag cur isteach ar phost)
  a judge (i gcomórtas)
  a judge (sa chúirt)
  a reference letter
  a reference

- Cuir Gaeilge ar na frásaí seo:

  many songs
  the types of songs
  the start of the song
  the song
  listen to the song

**Plé**

- Cén dearcadh i leith cainteoirí Gaeilge / mhuintir na Gaeltachta a léirítear sa ráiteas seo a dúradh le duine le Gaeilge:

  'you speak Irish – you must love trad!'

- Cén cineál amhránaíochta a thaitníonn leat féin? Cé hiad na hamhránaithe a thaitníonn leat?

- Cad a shíleann tú de chláir mar *You're a Star*, *The All-Ireland Talent Show*, *The X-Factor* agus *American Idol*?

**Tascanna**

- Ar shuíomh TG4 (www.tg4.ie), sa rannóg 'sean-nós' agus sa rannóg 'amhráin is ansa liom' (faoi 'cláir') is féidir éisteacht le hamhránaithe aitheanta ar an sean-nós ag canadh a gcuid amhrán. Is féidir focail na n-amhrán a fheiceáil ar an scáileán, iad a íoslódáil más mian leat agus na hamhráin a chloisteáil i bhfoirm mp3. Roghnaigh amhránaí nó beirt agus éist lena stíl amhránaíochta.

- I gcás amhránaí ar leith a thaitníonn leat, scríobh cuntas ar an amhránaí, ar a stíl amhránaíochta agus ar na cineálacha amhrán a chanann sé/sí.

- Faigh eolas faoi na halbaim 'Ceol 09' agus 'Ceol 10'. Is féidir focail na n-amhrán a fháil ar shuíomh Sheachtain na Gaeilge (www.snag.ie).

- Scríobh léirmheas ar albam ceoil / ceolchoirm de do rogha féin.

- Forbair pointí i bhfabhar agus i gcoinne na gclár ceoil a phléigh tú níos luaithe (*The X-Factor* srl.).

# Téipscript

*Cad atá i gceist leis an téarma sin 'sean-nós' nó cén dearcadh atá ag daoine faoin sean-nós?*

Bhuel sin ceist shuimiúil. Go minic nuair a smaoiníonn daoine ar an téarma nó ar an fhocal 'sean-nós' bíonn siad ag déanamh go mbaineann sé le seandaoine nó na seanleaids agus caipíní orthu agus iad ina suí cois teallaigh agus ag canadh amhráin. Ach feictear domsa anois go mbíonn go leor daoine óga ag freastal ar an Oireachtas chuile bhliain agus tá níos mó suime ag daoine óga san amhránaíocht, sa damhsa ar an tsean-nós, agus tugann sé cuid mhór dóchais domsa nuair a fheicim na daoine óga seo ag teacht chuig an Oireachtas bliain i ndiaidh bliana, go bhfuil fás mór ag teacht air agus go bhfuil suim mhór ag daoine óga sa sean-nós sa lá atá inniu ann.

*Bhíteá féin ag ceol nuair a bhí tú i do mhac léinn Ollscoile. Agus céard a cheap do chairde agus do chomrádaithe an uair sin?*

Bhí siad iontach maith. Thug siad i gcónaí tacaíocht dom dá mbeinn ag ceol i lár na cathrach áit ar bith, b'fhéidir ag Sean-Nós Cois Life – bhí siad go maith. Thiocfadh cuid acu liom, agus tharla sé gur bhuaigh mé duais Oireachtais nuair a bhí mé i gColáiste Phádraig mar mhac léinn agus bhí siad millteanach maith dom agus thug siad go leor tacaíochta dom agus bhí siad bródúil asam agus bhí sin go deas, an tacaíocht sin a fháil.

*Bhí tú ag ceol thar lear freisin in áiteanna éagsúla – cén dearcadh atá ag an bpobal idirnáisiúnta ar an amhránaíocht?*

Bhuel chaith mé cúig seachtaine nó mar sin i Meiriceá i rith an tsamhraidh i mbliana agus bhí mé i Chicago ar feadh trí seachtainí agus bhínn ag ceol ansin sna tithe tábhairne agus tá pobal mór ansin a bhfuil suim acu sa cheol traidisiúnta agus bhí siad iontach tógtha leis. Ní raibh siad ag iarraidh ormsa amhrán ar bith a cheol i mBéarla – deireadh siad liom '*no,* ceol amhrán i nGaeilge, amhrán i nGaeilge'. Agus bhí an-an-suim acu. Agus bhí mé ag ceol ar Oileán Mhanann anuraidh agus bhí an-suim ag na daoine ansin ann fosta, tá siad ag iarraidh an teanga… cineál...athbheochan a dhéanamh ar an teanga ansin agus bhain siad an-an-suim as mo chuid amhránaíochta fosta.

*An gceapann tú gur féidir an sean-nós a mhúineadh?*

Sílim gur féidir. Bhí mise ag múineadh sean-nóis ansin sna scoileanna, bhí mé ag obair i Scoil Lorcáin agus i nGaelscoil Chnoc na Ré i Sligeach agus bhíodh ranganna sean-nóis agam i gcónaí leis na páistí agus rachadh siad sna comórtais – fleadh an chontae agus chuig an Oireachtas – agus d'éirigh go breá leo agus fuair siad duaiseanna agus bhíodh siad ag canadh le cineál stíl Chonallach agus bhíodh an fhoghraíocht acu agus achan rud. Is cuimhin liom bhí Meaití Joe Shéamais ag

déanamh moltóireachta ar chailín amháin de mo chuid, Éabha Nic Mhathúna, agus bhuaigh sí an comórtas faoi chúig bliana déag ar an tsean-nós. Agus seo cailín as Baile Átha Cliath agus bhí Meaití ag cur ceiste uirthi, tá a fhios agat, 'Cén áit ar fhoghlaim tú do chuid amhrán?, tá stíl Chonallach agat' – agus bhí, ar ndóigh – agus d'éirigh go maith léi – tháinig sé léi go nádúrtha agus d'fhoghlaim sí sin.

*Ar mhaith leat véarsa beag a chasadh dúinn?*

Maith go leor. Ceolfaidh mé véarsa den tSeanbhean Bhocht b'fhéidir.